

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

Teideal an Bheartais:	Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi Mhíchumas
Cur Síos:	Tá Institiúid Oideachais Marino (MIE) tiomanta ó thaobh a chinntiú go bhfuil rochtain chothrom iomlán ag mic léinn faoi mhíchumas ar gach gné de shaol an choláiste agus is féidir a sholáthar go réasúnach.
Údar (Stádas):	Oifigeach Rochtana MIE i gcomhar le Seirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath
Leagan:	2
Arna Fhaomhadh ag:	Comhlacht Rialaithe MIE
An Dáta ar Faomhadh an Beartais:	Eanáir 2019
Dáta an Chéad Uair eile a Athbhreithneofar an Beartais:	2023 Aibreán (nó de réir mar is gá)

Cód Cleachtais maidir le Mic Léinn faoi Mhíchumas

1 Comhthéacs

Tá cód cleachtais glactha ag Institiúid Oideachais Marino (MIE) a bhaineann le gach mac léinn faoi mhíchumas atá ag staidéar san Institiúid. Tá sé seo ag teacht leis an [Acht um Míchumas, 2005](#), an [Acht um Stádas Comhionann, 2000](#) (arna leasú) agus [Act na nOllscoileanna, 1997](#).

Spreagtar mic léinn faoi mhíchumas clárú leis an [Seirbhís Míchumais](#) chun tacaíochtaí a lorg más rud é go bhféadfadh an míchumas dul i bhfeidhm ar a n-inniúlacht páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den chúrsa. Ní chuirfear Freastal Réasúnta i bhfeidhm ach amháin tar éis do mhac léinn clárú leis an [Seirbhís Míchumais](#).

2 Cuspóir

Tá MIE tiomanta maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain chomh hiomlán agus chomh cothrom ag mic léinn faoi mhíchumas ar gach gné de shaol an choláiste agus is féidir a sholáthar go réasúnta ¹.

3 Buntáistí

3.1 Chun críocha gach beartas MIE a bhaineann le mic léinn faoi mhíchumas, déantar Freastal Réasúnta a chinneadh trí phróiseas measúnaithe riachtanas agus nádúr an mhíchumais, riachtanais an chúrsa agus difríochtaí aonair a chur san áireamh.

3.1.1 D'fhéadfadh Freastal Réasúnta a bheith i gceist le gníomh ar bith a chuidíonn chun míbhuntáiste suntasach a mhaolú agus d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh athrú nósanna imeachta i gceist leis, modhnú a dhéanamh ar sheachadadh an chúrsa a roghnaíodh, seirbhísí breise a sholáthar (m.sh. socrúithe maidir le scrúduithe, ábhair a sholáthar i gcló mór), nó an timpeallacht fhisiceach a athrú.

3.2 Nuair a chláraíonn mic léinn le haghaidh tacaíochtaí míchumais trí [Oifig Chláraitheora MIE](#), sainiúitear riachtanais agus soláthraítear tacaíochtaí i gcomhar le [Seirbhís Míchumais](#) Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (dá ngairtear Coláiste na Tríonóide anseo feasta).

3.3 Tá na cineálacha is coitianta ó thaobh Freastal Réasúnta ar fáil ar leathanach gréasáin Tacaíochtaí agus Acmhainní Sheirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide ag: <http://www.tcd.ie/disability/services/>

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

¹ Féach [Toiliú chun Faisnéis faoi Mhíchumas a Nochtadh agus a Chomhroinnt](#) agus [Beartas Comhionannais MIE](#).

4 Raon feidhme

Tá an Cód Cleachtais seo a leanas infheidhme maidir le gach mac léinn faoi mhíchumas, atá ag staidéar ag MIE ar chlárí fochéime agus iarchéime, agus atá cláraithe leis an [tSeirbhís Míchumais](#), agus níl feidhm aige ach ar feadh ré a gclárúcháin leis an [Seirbhís Míchumais](#).

5 Prionsabail

5.1 Déanfaidh MIE a dhícheall timpeallacht a chruthú ina mbeidh mic léinn compordach ó thaobh míchumas a nochtadh agus ina dtugtar deiseanna dóibh é sin a dhéanamh ag céimeanna éagsúla i rith a gcuid ama ag MIE.

5.2 Tacaíonn MIE le prionsabail an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe chuimsithigh.

5.3 Déanfaidh MIE a dhícheall a chinntiú go mbeidh a chúrsaí agus a chlárí chomh cuimsitheach agus chomh hinrochtana agus is féidir.

Beidh rochtain ag mic léinn faoi mhíchumas atá cláraithe leis an [Seirbhís Míchumais](#) ar Shocruithe Réasúnta acadúla iomchuí agus/nó ar sheirbhísí breise arna gcinneadh ag Measúnú Riachtanas arna dhéanamh ag ball foirne an [Seirbhís Míchumais](#) a bheidh cáilithe go cúí agus de réir míchumas deimhnithe an duine aonair.

5.5 Is comhpháirtithe lárnacha iad an mac léinn, an fhoireann acadúil, ranna, comhordaitheoirí socrúcháin, an [Seirbhís Míchumais](#) agus na Déin Oideachais i bhforbairt agus i soláthar Socruithe Réasúnta, a chuireann ar chumas an mhic léinn a bheith rannpháirteach i ngach gníomhaíocht maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú.

6 Sainmhínte

6.1 **Míchumas:** Is é seo a leanas an sainmhíniú dlíthiúil ar mhíchumas a leagadh síos san [Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998](#) agus san [Acht um Stádas Comhionann, 2000](#) arna leasú²,

- i. Feidhmeanna coirp nó meabhrach duine a bheith in easnamh go hiomlán nó go páirteach, lena n-áirítear cuid de chorp duine a bheith in easnamh;
- ii. orgánach atá nó is dóigh a bheidh ina dtrúig ghalair nó tinnis ainsealaigh a bheith sa chorp;
- iii. Mífheidhmiú, anchuma nó máchailiú cuid de chorp duine;

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

2 Féach Beartas MIE maidir le [Fostú Daoine faoi Mhíchumas](#)

- iv. Ríocht nó mífheidhmiú a bhfuil de thoradh air go bhfoghlaímíonn duine ar shlí éagsúil le duine nach bhfuil an ríocht nó an mífheidhmiú air nó uirthi, nó
- v. Ríocht, tinneas nó galar a fhearann ar phróisis smaointe duine, ar aireachtáil na réaltachta ag duine, ar mhothúcháin nó ar bhreithiúnas duine nó a bhfuil iompraíocht shuaite de thoradh air.

Agus glacfar leis go n-áireofar leis míchumas atá ann faoi láthair, nó a bhí ann roimhe seo ach nach bhfuil ann a thuilleadh, nó a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, nó a chuirtear i leith duine. Bíonn míchumas suntasach, fadtéarmach agus/nó marthanach, má mhaireann sé níos faide ná bliain.

- 6.1 **Socrú Réasúnta:** Is éard is Socrú Réasúnta ann ná aon ghníomh a chuidíonn le míbhuntáiste suntasach a mhaolú mar gheall ar mhíchumas agus/nó tinneas suntasach leanúnach.

De réir an [Acht um Stádas Comhionann, 2000](#): “folaíonn idirdhealú diúltú nó mainneachtain ag soláthraí seirbhíse gach ní réasúnach a dhéanamh chun freastal ar riachtanais duine atá faoi mhíchumas trí chóir speisialta ar shaoráidí a sholáthar, más rud é, d'uireasa na córa nó na saoráidí speisialta sin, nárbh fhéidir leis an duine féin nó gur rídheacair don duine féin leas a bhaint as an tseirbhís.”

I measc na dtosca a mbeidh tionchar acu ar chinneadh cad is rud réasúnta ann beidh: éifeachtacht céimeanna áirithe a ghlacadh chun a chur ar chumas an mhic léinn an míbhuntáiste ábhartha a sháru; an gcuirfeadh na céimeanna isteach go mór ar na caighdeáin acadúla nó ar na cleachtais ghairmiúla a bhaineann leis an gcúrsa staidéir; saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta; an tionchar ar mhic léinn eile; agus an costas airgeadais agus an costas eile don institiúid. Chun críche an bheartais seo, sainmhínítear Socruithe Réasúnta mar Shocruithe Réasúnta caighdeánacha nó neamhchaighdeánacha.

- 6.3 Sainmhínítear **Socrú Réasúnta Caighdeánach**: mar leasú ar theagasc, foghlaim agus measúnú an mhic léinn a chuireann ar a c(h)umas páirt iomlán a ghlacadh ina c(h)uid oideachais.
- 6.4 Bíonn **Socrú Réasúnta Neamhchaighdeánach** ann: nuair a aithníonn an Institiúid go bhfuil gá le modhanna malartacha neamhchaighdeánacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe, i gcás nach leor Socrú Réasúnta Caighdeánach chun freastal ar riachtanais an mhic léinn.

7 Beartas

7.1 Cód Cleachtais

7.1.1 Soláthraíonn an cód cleachtais seo creat chun Socruithe Réasúnta MIE do mhic léinn faoi mhíchumas a dhoiciméadú agus déanfar é a athbhreithniú go rialta, bunaithe ar aiseolas ó mhic léinn, ó bhaill foirne agus ó na páirtithe leasmhara eile go léir.

7.1.2 Ba cheart an cód cleachtais seo a léamh i dteannta le lámhleabhar ábhartha an chúrsa MIE agus le [Féilire Choláiste na Tríonóide, Cúrsaí Iompair agus Rialacháin an Choláiste](#).

7.2 Tá sé de cheart ag gach mac léinn faoi mhíchumas:

7.2.1 Rochtain chomhionann a bheith aige nó aici ar chúrsaí, seirbhísí, ghníomhaíochtaí agus áiseanna ar fud na hInstitiúide³;

7.2.2 Socruithe réasúnacha oiriúnacha, coigeartuithe acadúla, agus/nó seirbhísí breise arna gcinneadh ar bhonn cás ar chás agus de réir mhíchumas deimhnithe/deacracht foghlama deimhnithe ar leith an duine aonair;

7.2.3 Rúndacht chuí maidir le taifid (comhaid) mhíchumais agus an t-eolas nach ndéanfar faisnéis a nochtadh ach amháin le toiliú i scríbhinn ón mac léinn⁴

7.2.4 Go mbeidh faisnéis ar fáil le réasún i bhformáidí inrochtana;

7.2.5 Go gcaithfear leis nó léi le dínit agus le meas;

7.3 Tá sé de fhreagracht ar gach mac léinn faoi mhíchumas:

7.3.1 Iad féin a aithint go tráthúil mar dhaoine faoi mhíchumas nuair a bhíonn socrú á lorg aige nó aici;

7.3.2 Doiciméid a sholáthar ó fhoinse ghairmiúil inghlactha a fhíoraíonn cineál an mhíchumais;

7.3.3 Clárú le hOifigeach Rochtana MIE agus [nósanna imeachta](#) Sheirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide agus MIE a leanúint más mian leo go ndéanfar Socrú Réasúnta maidir leo. Áirítear leis seo an cód cleachtais a shíniú agus toiliú le faisnéis a scaoileadh;

7.3.4 Nósanna imeachta ar leith a leanúint chun Socrú Réasúnta a fháil, mar shampla:

- i. Socruithe Scrúdaithe;
- ii. Coigeartuithe Acadúla agus Socrúcháin;

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

-
- 3 Féach [Beartas Comhionannais MIE](#) agus an [Beartas Iontrála, Rochtana agus Aistrihe](#)
- 4 Féach [Sceideal Coinneála Taifead MIE](#) agus [an Beartas um Bainistíocht Taifead](#)

- iii. Iarratais ar [Ciste Sóisialta na hEorpa \(CSE\) Tionscadal Míchumais](#) nó tacaíochtaí maoinithe mar Theicneolaíochtaí Cúnta agus seirbhísí Tacaíochta Oideachais d'Oibrithe.

7.3.5 Caitheamh le foireann MIE le dínit agus le meas ⁵.

7.4 Forchoimeádann MIE an ceart chun:

- 7.4.1 Caighdeáin acadúla na hInstitiúide a choinneáil ar bun;
- 7.4.2 'Fianaise ar Mhíchumas' arna comhlánú ag foinse ghairmiúil inghlactha a iarradh chun an gá maidir le Socrú Réasúnta agus/nó áiseanna cúnta a fhíorú;
- 7.4.3 Riachtanas an mhic léinn maidir le Socrú Réasúnta a phlé leis an bhfoinse ghairmiúil a sholáthraigh na doiciméid, tar éis toiliú sínithe an mhic léinn a fháil trína n-údaraitear an nochtadh agus an plé sin⁶;
- 7.4.4 Rogha a dhéanamh idir na socruithe atá chomh héifeachtach agus chomh oiriúnach i gcomhairle leis na mic léinn atá faoi mhíchumas;
- 7.4.5 Iarratas ar Shocrú Réasúnta a dhiúltú mura sainaithnítear míchumas sonrath agus/nó teorainn fheidhmiúil sna doiciméid nó má mhainnítear an gá atá leis na seirbhísí iarrtha a fhíorú;
- 7.4.6 Diúltú socrú a sholáthar atá míchuí nó míréasúnta, lena n-áirítear aon cheann a bheadh ina bhagairt dhíreach ar shláinte nó ar shábháilteacht ⁷ an mhic léinn agus daoine eile, a mbeadh athrú nó athrú substaintiúil ar ghné riachtanach de chúrsa nó de chlár i gceist leis, nó a mbeadh níos mó ná costas ainmniúil do MIE dá thoradh air.

7.5 Tá sé de fhreagracht ar MIE:

- 7.5.1 A chinntiú go ndéantar cúrsaí, cláir, seirbhísí, poist, gníomhaíochtaí agus áiseanna MIE a sheachadadh sna suíomhanna is comhtháite agus inrochtana agus is féidir;
- 7.5.2 Faisnéis a sholáthar do mhic léinn faoi mhíchumas maidir le beartais agus nósanna imeachta MIE agus a chinntiú go bhfuil sí ar fáil i bhformáidí inrochtana;
- 7.5.3 Socruithe agus/nó áiseanna cúnta réasúnta agus iomchuí a chur ar fáil do mhic léinn faoi mhíchumas ar iarratas tráthúil ó mhic léinn;

⁵ Féach [Beartas maidir le Dínit agus Meas](#)

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

6 Féach [Toiliú chun Faisnéis faoi Mhíchumas a Nochtadh agus a Chomhroinnt](#)

7 Féach [Beartas um Ráiteas Sábháilteachta](#)

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

7.5.4 Rúndacht chúí a choinneáil faoi thaifead agus cumarsáid a bhaineann le mic léinn faoi mhíchumas ach amháin i gcás ina n-údaráíonn an mac léinn an nochtadh.

7.6 Beidh Oifigeach Rochtana MIE freagrach as:

7.6.1 Cuidiú le mic léinn faoi mhíchumas iad féin a chur in aithne agus critéir na hInstitiúide a shásamh maidir le hincháilitheacht chun Socrú Réasúnta a fháil, rud a chinnfear ar bhonn cás ar chás;

7.6.2 Rúndacht a chinntiú (ar choinníoll go síníonn an mac léinn an fhoirm um nochtadh faisnéise) maidir le gach faisnéis a bhaineann le míchumas mic léinn;

7.6.3 Mic léinn atá i mbun cúrsaí teagaisc gairmiúla a chur ar an eolas faoi [Beartasum Oiriúnacht chun Staidéir](#) MIE;

7.6.4 Mic léinn a aithint a d'fhéadfadh Plean Aslonnaithe Éigeandála Pearsanta (PEEP) a bheith riachtanach dóibh agus cabhrú leo maidir lena leagan amach 8;

7.6.5 Aiseolas a iarradh ó mhic léinn ar éifeachtacht na dtacaíochtaí a chuirtear ar fáil d'fhonn monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

7.7 Rúndacht i gcás mac léinn faoi mhíchumas:

7.7.1 Spreagann MIE mic léinn faoi mhíchumas 9 faisnéis faoina míchumas a nochtadh don tSeirbhís Míchumais nuair a dhéanann siad iarratas chuig MIE nó ag am ar bith le linn a gcuid staidéir. Spreagtar nochtadh den sórt sin le gur féidir le MIE oibriú leis an mac léinn lena chinntiú go ndéanfar aon Socrú Réasúnta atá riachtanach a aithint agus a éascú i gcomhar leis an mac léinn.

7.7.2 Coinnítear taifead de theagmháil mac léinn leis an tSeirbhís go sábháilte de réir an [Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí \(RGCS\), 2018](#) agus an [Acht um Chosaint Sonraí, 2018](#), agus meastar gur 'sonraí íogaire' an fhaisnéis a chuirtear ar fáil d'Oifig an Chláraitheora agus don [Seirbhís Míchumais](#). Féadfar an fhaisnéis a úsáid chun críocha staidrimh agus monatóireachta gan aitheantas an mhic léinn a nochtadh.

7.7.3 Coinnítear aon doiciméid nó faisnéis a chuirtear ar fáil maidir le nochtadh míchumais ar Thaifid Leictreonacha Marino ([MAESTRO](#)) ag MIE agus roinntear iad le Soláthraí Leibhéal Seirbhíse MIE, [Seirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide](#).

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

Ní nochtfar faisnéis leighis

8 Féach [Foirm maidir le Plean Aslonnaithe Éigeandála Pearsanta \(PEEP\)](#)

ná aon cháipéisíocht d'aon tríú páirtí, ach amháin nuair is gá chun Socrú Réasúnta a sholáthar. Sa chás go n-iarrann mac léinn Socrú Réasúnta agus go ndeonaítear socrú d'aon chineál don té sin - amhail am breise i scrúduithe, nó cead chun léachtaí a thaifeadadh - nochtfaidh an tSeirbhís Míchumais, i gcomhairle leis an mac léinn, faisnéis ábhartha do na daoine sna ranna sin atá freagrach as a leithéid de shocruithe a soláthar do mhic léinn nó as cabhrú le mic léinn iad a rochtain. I gcásanna den sórt sin, ní nochtfar ach faisnéis a bhaineann leis an gcás áirithe. Sa chás go ndéanann baill foirne acadúla teagmháil le [Oifig an Chláraitheora](#) nó [Seirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide](#) chun comhairle a fháil maidir le mic léinn faoi leith, cuirfear baill foirne ar an eolas go bhfuil sé riachtanach cead an mhic léinn a fháil nó a fhíorú sula ndéantar amhlaidh.

7.7.4 Tá clárú na mac léinn agus a gcaidreamh le [Oifig an Chláraitheora](#) MIE agus le [Seirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide](#) faoi rún. Ciallaíonn sé seo maidir lena ndoiciméid ná na rudaí a deir siad leis an bhfoireann ábhartha nach nochtar iad d'aon duine ach amháin do [Oifig an Chláraitheora](#) nó do [Seirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide](#). Is í an t-aon eisceacht atá ann ná má bhíonn imní ar bhall foirne faoi bhaol láithreach díobhála don mhac léinn nó do thríú páirtí. Sna cásanna sin, déanfaidh an tOifigeach Rochtana gach iarracht an cás a phlé leis an mac léinn agus iarracht a dhéanamh go mbeidh an mac léinn páirteach sa phróiseas noхта.

7.8 Nochtadh Míchumais¹⁰

Tá MIE tiomanta do dheis a thabhairt do mhic léinn faoi mhíchumas bualadh le ball foirne atá cáilithe go cuí sa [Seirbhís Míchumais](#) chun an Socrú Réasúnta atá riachtanach a phlé. Chomh luath agus a nochtann mac léinn míchumas agus a lorgaíonn sé nó sí tacaíocht míchumais tríd an bpróiseas clárúcháin míchumais ar líne agus a sholáthraíonn an fhianaise chuí ar an míchumas, tabharfar cuireadh dó/di Measúnú Riachtanas a chomhlánú chun an cineál Socraithe Réasúnta a aithint.

7.9 Socrú Réasúnta - Iarratas

Cuirfear Socrú Réasúnta i bhfeidhm mar thoradh ar athbhreithniú ar chúinsí mic léinn faoi leith agus beidh an mac léinn sin páirteach sa phlé a dhéanfar ar bhealaí gníomhaíochta féideartha. Athróidh an méid atá 'réasúnta' dar le MIE de réir raon cúinsí agus braithfidh sé ar thosca an cháis faoi leith.

¹⁰ Féach [Toiliú chun Faisnéis faoi Míchumas a Nochtadh agus a Chomhroinnt](#)

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

7.10 Socrú Réasúnta i gcás Measúnuithe:

7.10.1 Tá freagrachtaí ar MIE faoin [Acht um Stádas Comhionann, 2000](#) a chinntiú nach bhfuil mic léinn faoi mhíchumas faoi mhíbhuntáiste de bharr cúiseanna a bhaineann lena míchumas sna modhanna measúnachta.

7.10.2 Féadfar coigeartuithe ar mheasúnacht do mhac léinn faoi mhíchumas a dhéanamh ar cheann amháin de dhá bhealach ghinearálta:

- i. Na himthosca a mhodhnú faoina ndéantar an mheasúnacht faoi láthair;
- ii. Cineál measúnachta malartach/coibhéiseach a sholáthar; ní tharlaíonn sé ach i líon an-bheag cásanna go mbíonn éifeachtaí chomh mór sin ag míchumas an mhic léinn go mbíonn measúnacht de chineál eile riachtanach.

7.11 An Próiseas Cinnteoireachta maidir le Socrú Réasúnta a dhéanamh

7.11.1 Measúnú Riachtanas: Bunaithe ar fhianaise chúil maidir le míchumas agus ar fhaisnéis a fhaightear ón mac léinn ar thionchar a mhíchumais agus a riachtanais maidir le cúrsa acadúil, aithneoidh ball na Foirne Míchumais tacaíochtaí a bheidh deartha chun freastal ar riachtanais tacaíochta míchumais an mhic léinn.

7.11.2 Tugtar aghaidh ar na réimsí seo a leanas:

- i. An cineál míchumais nó reachta, lena n-áirítear: déine, tionchar ar oideachas, iontrálacha ospidéal srl;
- ii. Cúrsaí cóireála: aon chógas atá á ghlacadh ag an mac léinn, coinní mar othar seachtrach, mar shampla le haghaidh fisiteiripe;
- iii. Tacaíocht a tugadh roimhe seo: socruithe a rinneadh i scoil dara leibhéal, más ann dóibh;
- iv. Deacrachtaí reatha: deacrachtaí a bhfuil an mac léinn ag súil leo nó a d'fhéadfadh a bheith aige nó aici maidir le riachtanais an chúrsa;
- v. Rochtain ar threalamh agus áiseanna TF;
- vi. Tacaíochtaí oiriúnacha acadúla agus míchumais. D'fhéadfadh go n-áireofaí orthu siúd, mar shampla, ionaid inrochtana ranga, tacaíocht le linn an chúrsa, socruithe tacaíochta sna scrúduithe, agus cur le fad iasachtaí leabharlainne.

7.11.3 Cuidíonn an próiseas um Measúnú Riachtanas freisin le cinneadh a dhéanamh an bhfuil an mac léinn incháilithe chun tacaíocht bhreise míchumais a fháil trí

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

mhaoiniú míchumais ábhartha mar [CSE](#) an Údaráis Ardoideachais do Mhic Léinn faoi Mhíchumas le haghaidh sain-thacaíocht mhíchumais, teicneolaíocht chúnta agus/nó modhanna iompair.

7.12 Tuarascálacha faoi Achoimre ar Riachtanais Oideachais um Fhoghlaim Ghairmiúil (PLENS)

D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh tacaíocht bhreise míchumais ag teastáil ó mhic léinn faoi mhíchumas ar chúrsaí gairmiúla agus iad ar shocrúchán. Nuair a bhíonn an Measúnu Riachtanas déanta, ullmhaíonn an tOifigeach Rochtana Achoimre ar Riachtanais Oideachais um Fhoghlaim ar Shocrúchán (PLENS) an duine sin ina sonraítear na Socruithe Réasúnta atá le cur i bhfeidhm. Cinntear na Socruithe Réasúnta seo i gcomhairle leis an gComhordaitheoir Socrúcháin. Cuirtear an fhaisnéis a leagtar amach sa PLENS in iúl don roinn ábhartha trí thaifead na mac léinn i [MAESTRO](#).

7.13 Athbhreithniú ar Thacaíocht

Rachfar i dteagmháil le mic léinn atá cláraithe leis an [Seirbhís Míchumais](#) faoi dhó sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid riachtanas ó thaobh tacaíocht a fháil. Tugann an próiseas seo deis do na mic léinn athbhreithniú a dhéanamh agus aiseolas a sholáthar ar chaighdeán na tacaíochta a fuair siad i rith na bliana. Tugann sé deis do mhic léinn freisin a gcuid riachtanas sa bhliain acadúil dár gcionn a phlé agus athruithe a iarraidh ar an tacaíocht atá á soláthar dóibh má bhíonn tacaíocht bhreise ag teastáil uathu nó mura bhfuil gá le tacaíocht a thuilleadh. Féadfaidh mic léinn teagmháil a dhéanamh leis an [Seirbhís Míchumais](#) chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tacaíocht atá á tabhairt dóibh ag am ar bith le linn na bliana acadúla má thagann athrú ar a míchumas nó má bhraitheann siad nach sásaíonn na Socruithe Réasúnta atá i bhfeidhm a gcuid riachtanas.

7.14 Socrú Réasúnta a chur in iúl don Dámh

7.14.1 Tar éis don [Seirbhís Míchumais](#) an Measúnú Riachtanas a dhéanamh agus tar éis don mhac léinn an fhianaise chúil faoi mhíchumas a sheoladh isteach, scaiptear tuarascáil PLENS ar Cheannaire Cúrsa an mhic léinn, agus is iondúil go ndéantar é sin tríd an gcóras taifead [MAESTRO](#). Ba cheart do Cheannaire an Chúrsa a chinntiú go scaiptear an PLENS ar bhaill foirne a gceanglaítear orthu Socrú Réasúnta a chur i bhfeidhm.

7.14.2 Ba cheart an fhaisnéis seo a scaipeadh de réir an [Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí \(RGCS\), 2018](#) agus an [Acht um Chosaint Sonraí, 2018](#).

7.15 Rúndacht

~~7.15~~ Rangaítear faisnéis faoi mhíchumas mar shonraí pearsanta íogaire¹¹ agus próiseálfaidh MIE í de réir [RGCS, 2018](#) agus [An Acht um Chosaint Sonraí, 2018](#),

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

agus [Beartas Cosanta Sonraí na hInstitiúide](#).

¹¹Féach [Toiliú chun Faisnéis faoi Mhíchumas a Nochtadh agus a Chomhroinnt](#)

7.15 Ní chuirfidh MIE faisnéis phearsanta nó íogair ar aghaidh gan cead i scríbhinn ón mac léinn. Nuair a chláraíonn mic léinn agus nuair a bhuaileann siad leis an [Seirbhís Míchumais](#), iarrtar orthu tuarascáil LENS a ghintear ón gcruinniú seo a fhaomhadh, rud a ligeann don [Seirbhís Míchumais](#) aon fhaisnéis ábhartha a chur ar aghaidh maidir lena míchumas agus/nó na riachtanais atá acu ó thaobh tacaíochta. Ligeann sé seo don [Seirbhís Míchumais](#) tuarascáil PLENS a chur ar aghaidh trí thaifead na mac léinn i [MAESTRO](#). Beidh sonraí ginearálta cúlra faoi mhíchumas sonrath an mhic léinn san áireamh sa PLENS. Níl sé d'oibleagáid ar mhac léinn faisnéis mhionsonraithe a nochtadh don fhoireann faoina m(h)íchumas. I roinnt cásanna, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach dá mbeadh a fhios sin ag baill foirne, ach i go leor cásanna, b'fhéidir nach mbeadh sé ábhartha ó thaobh na tacaíochta faoin Socrú Réasúnta. De ghnáth pléann an Ball Foirne i leith Míchumais agus an mac léinn an scéal, agus déanann an mac léinn cinneadh cén fhaisnéis a fhéadfar a chur ar aghaidh le linn próisis nuair a bhíonn PLENS á fhaomhadh.

7.16 Scaipeadh PLENS agus a chinntiú go gcuirtear Socrú Réasúnta i bhfeidhm

7.16.1 Tá tuairiscí faoi Shocruithe Réasúnta agus PLENS ar fáil ar thaifead an mhic léin ar [MAESTRO](#). Ní mór do na ranna iomchuí a chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm acu le fáil amach faoin Socrú Réasúnta a shonraítear ar thaifead [MAESTRO](#) an mhic léinn.

7.16.2 Tá sé de fhreagracht ar gach roinn ábhartha córas éifeachtach scaipthe agus curtha chun feidhme a bheith acu chun go bhféadfar faisnéis faoi Shocruithe Réasúnta a scaipeadh ar gach ball foirne riaracháin ábhartha m.sh. iad siúd a eagraíonn scrúduithe agus tráthchláir.

7.17 Socrú Réasúnta Caighdeánach:

Déanann an [Seirbhís Míchumais](#) Socruithe Réasúnta a aithint tríd an bpróiseas um Measúnú Riachtanas agus maolaíonn siad míbhuntáistí suntasacha na mac léinn atá faoi mhíchumas. Táthar ag súil go gcuirfean an Socrú Réasúnta caighdeánach a luaitear i dtuarascáil PLENS i bhfeidhm. I gcásanna nach féidir Socrú Réasúnta a chur i bhfeidhm agus ina ndéantar réasúnaíocht shonrach a sholáthar, beidh feidhm ag an mbealach neamhchaighdeánach maidir le cinntí a dhéanamh.

7.18 Socrú Réasúnta Caighdeánach - Scrúduithe:

Bíonn na socrúithe a dhéantar maidir le scrúduithe bunaithe ar thionchar an mhíchumais ar an mac léinn. Tá MIE tiomanta dá chinntiú go gcuireann a gcóras scrúdaithe a mhéid is féidir ar chumas mic léinn faoi mhíchumas atá cláraithe leis an [Seirbhís Míchumais](#) dul san iomaíocht go cothrom lena gcomhghleacaithe nach bhfuil faoi mhíchumas ¹². Nuair a bhíonn Riachtanais á meas, pléifidh an [Seirbhís Míchumais](#) Socrú Réasúnta oiriúnach le go bhféadfar mic léinn a mheas go cothrom. Cuirfidh an [Seirbhís Míchumais](#) Socrú Réasúnta in iúl do [Oifig an Chláraitheora](#) lena chur i bhfeidhm le linn na bpríomhthréimhsí scrúduithe. Socraítear na spriocdhátaí seo a leanas lena chinntiú gur féidir leis an Oifigeach Scrúdaithe Socrú Réasúnta a bhunú chun críocha scrúduithe.

7.19 Spriocdhátaí le haghaidh Socrúithe Scrúdaithe

7.19.1 Ba cheart do mhic léinn iarratais a dhéanamh chomh luath agus is féidir sa bhliain acadúil.

Chun a chinntiú gur féidir le hOifig na Scrúduithe socrúithe mac léinn a chur ar bun chun críocha scrúdaithe, cuirtear na spriocdhátaí seo a leanas i bhfeidhm:

- Scrúduithe na Nollag: An Luan deireanach de Mhí na Samhna;
- Scrúduithe Bliantúla: An Luan deireanach de Mhí Feabhra;
- Scrúduithe Forlíontacha: An Luan deireanach de Mhí Iúil.

7.19.2 I gcás na mac léinn sin a chláraíonn leis an tSeirbhís Míchumais tar éis na spriocdhátaí sin cuirfead socrúithe ar fáil dóibh sna scrúduithe ina dhiaidh sin.

7.20 Socrú caighdeánach maidir le míchumas i gcás scrúduithe scríofa

Socrúithe maidir le Scrúdaithe
10/15/20 Nóiméad uair an chloig breise
Trosán Speisialta
Scríobhaí
Léitheoir
Ionad nach gcuirfead isteach mórán ar an mac léinn ann
Ionad Scrúdaithe do Ghrúpa
Páipéar méadaithe go méid A3 - méid na CLÓFHOIRNE sonraithe
Greamán míchumais a nochtadh - treoirlínte marcála do mhic léinn atá disléicseach nó bodhar
Úsáid ríomhaire
Páipéar leictreonach
Bia agus deoch le linn scrúduithe
Tuarascáil PLENS - trína sonraítear faisnéis bhreise faoi shocrúithe scrúduithe.

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

¹²Féach [Beartas Comhionannais MIE](#)

7.21 Socruithe (seachas scrúduithe scríofa)

7.21.1 Déanann an tOifigeach Rochtana teagmháil le [Oifig an Chláraitheora](#) maidir le Socrú Réasúnta le linn scrúduithe. Maidir le measúnuithe nó scrúduithe le linn ranganna nach n-eagraítear trí Oifig na Scrúduithe, áfach, ba cheart do léachtóirí an Socrú Réasúnta a luaitear i dtuarascáil PLENS a chur i bhfeidhm maidir le measúnuithe den sórt sin.

7.21.2 Dá bhrí sin, sula socraítear dátaí/ionaid do mheasúnuithe i rith ranga, ba cheart don fhoireann acadúil na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

- i. Na mic léinn atá cláraithe leis an [Seirbhís Míchumais](#) a aithint.
- ii. An Socrú Réasúnta atá riachtanach agus atá sonraithe i PLENS a fháil amach.
- iii. Teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana chun comhairle a fháil maidir leis an Socrú Réasúnta atá luaite a sholáthar.

7.21.3 Sonraítear an fhaisnéis seo i PLENS (Achoimre ar Riachtanais Oideachais um Foghlaim Ghairmiúil), atá ar thaifead an mhic léinn i [MAESTRO](#) agus a chuirtear ar aghaidh chuig Ceannaire an Chúrsa thar ceann gach mac léinn.

7.22 Socrú Réasúnta Caighdeánach - Teagasc agus Foghlaim

7.22.1 Tacaíonn MIE le cleachtas cuimsitheach maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú¹³ agus tá sé mar aidhm aige a chinntiú go bhfuil cúrsaí inrochtana agus gur féidir le gach mac léinn a bheith rannpháirteach go hiomlán iontu. Nuair a bhíonn cúrsaí nua á bhforbairt nó nuair a dhéantar cúrsaí atá ann cheana a athdhearadh nó a mheas tá sé tábhachtach ceisteanna inrochtaineachta a mheas.

7.22.2 Caithfear Socrú Réasúnta a dhéanamh d'aon ghné den teagasc nó den mheasúnú a d'fhágfadh mac léinn faoi mhíchumas go mór faoi míbhuntáiste i ndáil lena bpiaraí, mura ndéanfadh an socrú sin dochar do na caighdeáin acadúla nó na cleachtais ghairmiúla a bhaineann leis an gcúrsa staidéir sin. Bíonn Socruithe Réasúnta bunaithe ar fhianaise faoi mhíchumais agus ar fhaisnéis a fhaightear le linn an Measúnú Riachtanas a dhéanann an tSeirbhís Míchumais. Tá gach Socrú réasúnta caighdeánach atá liostaithe thíos le fáil i dtuarascáil PLENS agus déantar iad a chur in iúl trí thaifead an mhic léinn ar [MAESTRO](#).

7.22.3 Teagasc caighdeánach i leith míchumais: socruithe foghlama

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

13 Féach [Measúnú Acadúil agus Beartas um Dhul Chun Cinn Acadúil](#)

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

Socruithe Teagaisc agus Foghlama
Am breise a thabhairt chun scileanna praiticiúla a fhorbairt
Suíomhanna inrochtana teagaisc agus foghlama a sholáthar
Ligean don mhac léinn léachtaí a thaifeadadh
Ceadaigh cúntóir pearsanta/cúntóir saotharlainne/cúntóir acadúil
Liostaí léitheoireachta a sholáthair in ord tosaíochta
Dáileacháin mhéadaithe a sholáthar
Aiseolas a thabhairt ar mheasúnú leanúnach
Ábhar léachta a chur ar fáil roimh ré, aon uair is féidir
Ceisteanna a chur arís sula bhfreagraítear iad
Tacaíochtaí faoi shocrúcháin ghairmiúil agus intéirneachtaí
A chinntiú go bhfuil turais allamuigh agus cuairteanna lasmuigh den champas inrochtana
Gléasanna fuaimne a úsáid sna hionaid teagaisc - micreafóin
Glacadóir nótaí a bheith ar fáil le linn léachtaí
Cead a bheith ag ithe agus/nó ag ól sna hionaid teagaisc
Teicneolaíocht chúnta a úsáid sna hionaid teagaisc agus foghlama
Cead chun sosanna a ghlacadh le linn seisiúin teagaisc agus foghlama
Ateangaire Teanga Chomharthaíochta na hÉireann le linn seisiúin teagaisc agus foghlama
Marcáil obair na mac léinn a bhfuil Disléicse nó lagáisteachta orthu nó atá bodhar.
Ábhar an chúrsa i bhformáidí malartacha

7.23 Tabhair am breise chun scileanna praiticiúla a fhorbairt: Maidir le mic léinn a bhfuil scileanna míne mótar laghdaithe acu, nó deacrachtaí nó míchumais acu ó thaobh luais phróiseála a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le pian, tuirse nó soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart am breise a thabhairt dóibh chun teicnící malartacha a fhorbairt nó chun scileanna praiticiúla ar leith a chleachtadh.

7.24 Suíomhanna inrochtana teagaisc agus foghlama a sholáthar: Tá an chuid is mó de na spásanna teagaisc agus foghlama in MIE inrochtana ach tá roinnt seomraí ann nach bhfuil inrochtana nó atá inrochtana go páirteach. Má tá ceist inrochtaineachta ag mac léinn, cuirfidh an tSeirbhís Míchumais é seo in iúl i dtuarascáil PLENS agus iarrfar go mbeidh gach ionad teagaisc inrochtana.

7.25 Lig do mhic léinn léachtaí a thaifeadadh - D'fhéadfadh sé go gceadófaí do mhic léinn faoi mhíchumas léachtaí agus ranganna teagaisc a thaifeadadh más rud é, go measann an [Seirbhís Míchumais](#) sa Mheasúnú Riachtanas, gur Socrú Réasúnta é. Cuirtear in iúl do mhic léinn gur leis an Institiúid gach taifead agus gur le haghaidh

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

úsáide pearsanta amháin atá siad. Faoi mar a tharlaíonn

i gcás soláthar nótaí léachta síneoidh an mac léinn *foirm* ¹⁴ maidir *le Cead Taifeadta le Oifig an Chláraitheora* nó leis an *Seirbhís Míchumais* a deir go ndéantar na taifeadtaí dá (h)úsáid phearsanta féin agus nach roinnfear iad. I gcás nach gceadaítear léacht a taifeadadh, beidh sé riachtanach don léachtóir rogha oiriúnach eile a sholáthar (.i. athscríbhinn den léacht).

- 7.26 Cúntóir pearsanta/cúntóir saotharlainne/cúntóir acadúil a cheadú: D'fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach do roinnt mac léinn go bhfreastalódh Oibrí Tacaíochta Oideachais ar a gcuid léachtaí nó ar a gcuid oibre saotharlainne chun cabhrú leo le tascanna fisiceacha a dhéanamh mar shampla nótaí a thógáil nó trealamh nó ábhair a iompar.
- 7.27 Liostaí Léitheoireachta a sholáthar in ord tosaíochta (nuair is féidir): Ba cheart go bhfaigheadh leabharlannaithe liostaí léitheoireachta ó léachtóirí i bhfad roimh thús an chúrsa/an mhodúil. Maidir le liostaí léitheoireachta anótáilte agus téacsanna a chaithfear a sholáthar i bhformáid mhalartach do mhic léinn faoi mhíchumas céadfach nó míchumas priontála ba cheart iad sin a sholáthar roimh ré.
- 7.28 Dáileáin mhéadaithe a sholáthar - Moltar ábhar clóite a sholáthar i gcló *sans serif*, mar *Arial*, agus i gcló de mhéid 12pt. Bíonn clómhéid níos mó riachtanach do mhic léinn a bhfuil lagú suntasach amhairc orthu chun go mbeidh siad in ann a dtéacsanna a léamh. Nuair a dhéantar iarratais ar dháileáin mhéadaithe ní mór méid an chló atá riachtanach a shonrú.
- 7.29 Aiseolas a sholáthar ar mheasúnú leanúnach - Ba cheart do léachtóirí iad féin a chur ar fáil do mhic léinn faoi mhíchumas chun aiseolas a thabhairt dóibh ar a measúnú leanúnach agus ar na rudaí a éilítear sa chúrsa. Tabharfaidh sé seo deis do mhic léinn athdhearbhú a fháil faoin chaoi a bhfuil siad ag baint amach na rudaí a éilítear sa chúrsa.
- 7.30 Ábhair léachta a sholáthar roimh ré, nuair is féidir - Mar gheall ar a míchumais, bíonn deacrachtaí ag roinnt mac léinn a n-aigní a dhíriú agus faisnéis a phróiseáil agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go mbeadh dáileáin riachtanach dóibh roimh an rang maidir le cur i láthair nó sleamhnáin PowerPoint lena chinntiú nach gcuirtear faoi mhíbhuntáiste suntasach iad i gcomparáid lena bpiaraí. Sa chás, ar chúiseanna cleachtais acadúil nó ghairmiúil, nach bhfuil an Institiúid/léachtóir in ann an Socrú Réasúnta seo a sholáthar, tá sé tábhachtach go rachadh an ball foirne acadúil iomchuí

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

i mbun idirchaidrimh leis an [Seirbhís Míchumais](#) chun Socrú Réasúnta malartach a phlé.

- 7.31 Ceisteanna a chur arís sula bhfreagraítear iad - Má chuirtear ceisteanna arís beidh am ag mic léinn machnamh a dhéanamh ar bhrí na ceiste agus tabharfaidh sé am dóibh smaoineamh ar a gcuid

¹⁴ Féach [an Fhoirm um Chead Taifeadta \(Comhaontú chun Trealamh Fuaime a Úsáid\)](#)

freagraí féin. Cuidíonn sé seo le mic léinn a bhfuil lagú éisteachta orthu agus leo siúd a bhfuil deacrachtaí próiseála acu agus is straitéis úsáideach chuimsitheach teagasc í a chabhróidh le gach mac léinn, ní amháin iad siúd atá faoi mhíchumas.

7.32 Tacaíochtaí Gairmiúla le haghaidh Socrúcháin agus Intéirneachtaí - Is féidir leis an [Seirbhís Míchumais](#), mar chuid den phróiseas um Measúnú Riachtanas, cabhrú le mic léinn ar chúrsaí atá creidiúnaithe go gairmiúil ullmhú le haghaidh socrúcháin/intéirneachtaí. Is féidir leo comhairle a sholáthar freisin d'fhoireann socrúcháin ar shaincheisteanna a bhaineann le míchumas. Oibríonn an [Seirbhís Míchumais](#) go dlúth le mic léinn agus leis an bhfoireann socrúcháin chun treoir a sholáthar trí:

- i. Éilimh maidir le socrúcháin oibre a phlé mar chuid den phróiseas Measúnú Riachtanas agus mic léinn a spreagadh chun smaoineamh ar thionchar a míchumas agus ar na cineálacha éagsúla Socruithe Réasúnta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil;
- ii. Cuidiú le mic léinn an próiseas nocht a thuiscint agus tacú leo roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le nochtadh;
- iii. Tacú le mic léinn teagmháil a dhéanamh le baill foirne socrúcháin má bhíonn Socruithe Réasúnta riachtanach;
- iv. Treoir a sholáthar d'fhoireann socrúcháin ar shaincheisteanna a bhaineann le míchumas agus ar Shocruithe Réasúnta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil;
- v. Freastal ar chruinnithe pleanála maidir le socrúcháin más gá chun riachtanais socrúcháin oibre a aithint.

7.33 A chinntiú go bhfuil turais allamuigh agus cuairteanna lasmuigh den champas inrochtana - Ba cheart do léachtóirí smaoineamh ar inrochtaineacht suíomhanna na dturas allamuigh. Trí shonraí iomlána faoi thurais allamuigh a sholáthar roimh ré, is féidir le mic léinn a chinntiú go bhfuil turais allamuigh inrochtana agus socruithe taistil a eagrú.

7.34 Gléasanna fuaimne mar mhicreafóin a úsáid sna hionaid teagasc - Ba cheart do léachtóirí micreafón a úsáid chun cabhrú leo siúd a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu má iarrtar iad agus má bhíonn siad san áireamh i dtuarascáil PLENS.

7.35 Beidh rochtain ag an mac léinn ar ghlacadóir nótaí i léachtaí - Scrúdaítear sa phróiseas um Measúnú Riachtanas gach réiteach iomchuí chun cabhrú le deacrachtaí

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

ó thaobh nótaí a thógáil agus táthar ag súil go mbainfidh mic léinn leas as na Socruithe Réasúnta a aithnítear sa phróiseas seo. Déantar réitigh theicneolaíochta a iniúchadh ar an gcéad dul síos. Tá sé de fhreagracht ar an mac léinn leas a bhaint as an oiliúint a chuirtear ar fáil agus a bheith in ann an teicneolaíocht sin a úsáid. Féadfar glacadóir nótaí a sholáthar mura mbíonn

réiteach teicneolaíochta ar fáil nó mura bhfuil an mac léinn in ann nótaí a lámhscríobh nó a chlósscríobh mar gheall ar an míchumas.

- 7.36 Cead le bheith ag ithe agus/nó ag ól sna hionaid teagaisc - Ba cheart cead a thabhairt don mhac léinn a bheith ag ithe agus/nó ag ól má bhíonn sé sin riachtanach de bharr a m(h)íchumas. Mar shampla, ba cheart go mbeadh a fhios ag léachtóirí go bhféadfadh bia a bheith ag teastáil ó dhiaibéitigh ag amanna ar leith.
- 7.37 Teicneolaíocht Chúnta (AT) a úsáid sna hionaid teagaisc agus foghlama - Ba cheart do léachtóirí ligean don mhac léinn ríomhaire glúine nó ríomhaire a úsáid chun nótaí a thógáil nó bogearraí AT a úsáid le linn an ranga. Tá sé de fhreagracht ar mhic léinn an AT a úsáid chun na críche seo amháin sa rang.
- 7.38 Cead chun sosanna scíthe a ghlacadh le linn seisiúin teagaisc agus foghlama - Ba cheart go ligfeadh léachtóirí don mhac léinn sosanna scíthe a ghlacadh má luaitear é sin sa PLENS. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh sos gairid idir ranganna i gceist leis seo. Ba cheart don léachtóir a thuiscint go bhféadfadh mac léinn atá faoi mhíchumas den sórt sin suí gar don tslí amach chun go mbeadh sé nó sí in ann imeacht nó go bhféadfadh sé nó sí a bheith as láthair ar feadh tréimhsí áirithe den seisiún teagaisc.
- 7.39 Ateangaire Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) i seisiúin teagaisc agus foghlama - Ba cheart go gceadódh léachtóirí ateangairí ISL i ngach seisiún teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Cuirfidh sé seo na huirlisí cuí ar fáil do mhic léinn bodhra a úsáideann ateangaireacht ISL mar mhodh cumarsáide chun páirt a ghlacadh ina gcúrsaí.
- 7.40 Marcáil obair na mac léinn a bhfuil Disléicse nó lagéisteacht orthu agus mic léinn atá bodhar - Fiú amháin má chuirtear tacaíochtaí breise ar fáil le linn scrúduithe/measúnuithe, b'fhéidir nach bhféadfaidh mic léinn atá bodhar nó a bhfuil lagéisteacht acu, nó a bhfuil deacracht foghlama ar leith acu, a n-acmhainneacht iomlán a thaispeáint i scrúdú. Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le conas tacú go héifeachtach le mic léinn a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu in oideachas tríú leibhéal a fháil ar leathanach Gréasáin [Sheirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide](http://www.tcd.ie/disability/teaching-info/awareness-info/learning.php) ag <http://www.tcd.ie/disability/teaching-info/awareness-info/learning.php>

7.41 Socrú Réasúnta Neamhchaighdeánach

- 7.41.1 Sa chás nach leor Socrú Réasúnta caighdeánach chun freastal ar riachtanais an

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

mhic léinn agus nach féidir leis nó léi tabhairt faoi theagasc, foghlaim agus an measúnú caighdeánach, aithníonn MIE go mb'fhéidir go gcaithfear machnamh ar theagasc, foghlaim agus measúnú a sholáthar ar bhealaí neamhchaighdeánacha ach caighdeán acadúla a choinneáil. Tugtar 'Socruithe Réasúnta neamhchaighdeánacha' orthu seo.

- 7.41.2 Scrúdóidh an [Seirbhís Míchumais](#) na Socruithe Réasúnta neamhchaighdeánacha oiriúnacha leis an mac léinn aonair, le Ceannaire an Chúrsa agus leis an Institiúid lena chinntiú nach mbeidh an mac léinn faoi mhíbhuntáiste suntasach i gcomparáid lena c(h)omhghleacaithe.
- 7.41.3 Déanfar moladh ón [Seirbhís Míchumais](#) chun teagasc, foghlaim agus measúnú neamhchaighdeánach malartach a cheadú a phlé le Ceannaire an Chúrsa ábhartha.
- 7.41.4 Má cheadaíonn an Institiúid Socrú Réasúnta neamhchaighdeánach, cuirfidh an [Seirbhís Míchumais](#) é sin ar aghaidh chuig an Déan ábhartha lena bhreithniú agus/nó lena fhorghleas.
- 7.41.5 Mura féidir leis an Institiúid an Socrú Réasúnta neamhchaighdeánach a mholtar a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Institiúid Socrú Réasúnta malartach a mholadh. Ansin cuirfidh an [Seirbhís Míchumais](#) an moladh sin ar aghaidh chuig an Déan ábhartha lena mheas agus/nó lena fhorghleas.
- 7.41.6 Mura gceadaítear Socrú Réasúnta neamhchaighdeánach nó mura bhfaightear rogha eile ar leibhéal na hInstitiúide, iarrfaidh [Oifig an Chláraitheora](#) nó an [Seirbhís Míchumais](#) ar an Déan ábhartha athbhreithniú agus cinneadh a dhéanamh an féidir an Socrú Réasúnta molta, nó rogha eile, a chur i bhfeidhm.
- 7.41.7 I ngach cás, beidh cinneadh an Déin críochnaitheach agus ceangailteach ar gach páirtí. Aontóidh an Déan próiseas agus amlínte (a chuimseoidh spriocdhátaí MIE do gach seimeastar) agus cuirfear in iúl iad do na páirtithe leasmhara go léir.
- 7.42 Socrú Réasúnta Neamhchaighdeánach - Scrúduithe
- 7.42.1** Samplaí iad seo a leanas de shocruithe neamhchaighdeánacha le haghaidh scrúduithe, ach níl siad teoranta dóibh:
- 7.42.2 Scrúduithe a athsceidealadh (dátaí agus amanna) laistigh den seisiún scrúdaithe - d'fhéadfadh sé seo a bheith ag teastáil do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí suntasacha corpartha, teacht aniar, imní agus fadhbanna tuirse acu de thoradh míchumais. Mar shampla:
- i. Nuair a bhíonn dhá scrúdú 3 uair an chloig ann ar an lá céanna, féadfaidh roinnt mac léinn faoi mhíchumas coirp, céadfach nó míochaine éirí tuirseach go héasca nó de thoradh chógas a ghlacadh agus am breise nó sosanna breise a bheith ag teastáil uathu;

- ii. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh scrúduithe ar maidin seachas scrúduithe san iarnóin nó sa tráthnóna riachtanach d'iarrthóirí a bhfuil riochtaí orthu go dtagann tuirse orthu luath agus go mbíonn sé deacair orthu a n-aigní a dhíriú ar rudaí;
- iii. D'fhéadfadh sé a bheith deacair ar iarrthóir faoi mhíchumas coirp a dteastaíonn am breise uaidh nó uaithi chun scrúdú a dhéanamh agus a dtagann tuirse air nó uirthi, roinnt scrúduithe a dhéanamh i ndiaidh a chéile. Mar sin b'fhéidir go gcaithfear scrúduithe a sceidealadh sa chaoi go soláthrófar tréimhsí sosa idir scrúduithe, nuair is féidir.

7.43 Níos mó ná seisiún amháin a chaitheamh le scrúdú ar bith

Nuair a chuirtear am breise ar fáil do scrúdú atá fada cheana féin (páipéar trí uair an chloig mar shampla), d'fhéadfadh an toradh a bheith ró-dhúshlánach ó thaobh coirp agus aigne i gcás roinnt iarrthóirí faoi mhíchumas. D'fhéadfadh sé gur socrú níos oiriúnaí é scrúduithe den sórt sin a roinnt thar níos mó ná seisiún amháin.

7.44 Scrúduithe scoilte idir Seimeastar 1, Seimeastar 2 agus seisiún Athmheasúnaithe:

D'fhéadfadh sé tarlú go n-éileodh líon beag mac léinn go ndéanfaí a gcuid scrúduithe a sceidealadh thar dhá sheisiún scrúdaithe. D'fhéadfadh an t-iarratas seo ar Shocrú Réasúnta tarlú nuair a mheastar go bhfuil an t-ualach oibre ró-mhór don mhac léinn faoi mhíchumas glacadh leis agus nach ndéanfaí é nó í a mheas go cothrom i gcomparáid lena bpiaraí. D'fhéadfadh sé sin tarlú freisin nuair a chuireann nádúr an mhíchumais isteach go mór ar ullmhú do scrúduithe, nó ar na scrúduithe a dhéanamh.

7.45 Leaganacha malartacha measúnuithe

- 7.45.1 I gcás roinnt mac léinn faoi mhíchumas, nuair nach féidir leas a bhaint as socrúithe caighdeánacha oiriúnacha measúnaithe, b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach cineál eile measúnaithe a mheas seachas measúnú leanúnach agus scrúduithe.
- 7.45.2 Ceadaíonn reachtaíocht na hÉireann é sin. Éilíonn an dlí ar MIE 'Socrú Réasúnta' a dhéanamh agus spreagann sé solúbthacht agus uilechuimsitheacht trí mheasúnuithe a sholáthar atá oiriúnach don oiread mac léinn agus is féidir. Sa chaoi seo, is gá níos lú athruithe a dhéanamh le haghaidh daoine aonair.
- 7.45.3 Prionsabail nach mór a chur san áireamh agus measúnú malartach á dheardh:
 - i. An ndéantar torthaí foghlama reatha a thomhas go héifeachtach agus

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

an measúnú beartaithe á úsáid?

- ii. Conas a dhéantar freastal ar riachtanais an mhic léinn faoi mhíchumas tríd an measúnú beartaithe a úsáid?
- iii. Ar pléadh na moltaí leis an mac léinn?
- iv. An féidir freastal ar riachtanais mhic léinn trí mheasúnú malartach a úsáid? Murar féidir, an bhfuil na torthaí foghlama idirdhealaitheach?
- v. An gcoinneofar caighdeáin acadúla nó cleachtais ghairmiúla má úsáidtear an measúnú malartach?

7.45.4 Samplaí de mhodhanna measúnaithe malartacha

- i. Féadfar ath-ualú (60%) in áit (40%) maidir le measúnaithe leanúnaigh i gcomparáid le scrúduithe deireadh bliana a thairiscint do mhac léinn a bhfuil pairilis cheirbreach air nó uirthi agus nach bhfuil in ann tabhairt faoi gach scrúdú deireadh bliana mar gheall ar phian agus tuirse;
- ii. Maidir le mac léinn a bhfuil Siondróm Asperger air nó uirthi agus fadhbanna imní ag cur as dó nó di, nach raibh in ann freastal ar ranganna teagaisc ná cur i láthair agus tascanna grúpa a dhéanamh d'fhéadfadh measúnuithe leanúnacha malartacha a bheith aige nó aici (Viva Voce don Léachtóir amháin mar aon le tasc nó cur i láthair aonair).

7.45.5 Samplaí is ea na socruithe neamhchaighdeánacha atá liostaithe thuas, agus féadfaidh Socruithe Réasúnta acadúla eile

teacht chun cinn ó am go ham bunaithe ar riachtanais mhíchumais atá ag duine faoi leith. Beidh siad sin faoi réir fhaomhadh an Déin ábhartha.

7.46 Socrú Réasúnta Neamhchaighdeánach - Teagasc & Foghlaim

7.47 I measc samplaí de shocruithe neamhchaighdeánach teagaisc agus foghlama tá:

7.47.1 Spriocdhátaí solúbtha measúnaithe:

- i. Glacann MIE leis go bhféadfadh am breise a bheith ag teastáil ó mhic léinn de thoradh míchumais atá orthu chun roinnt gnéithe dá gcuid obair cúrsa a chríochnú.
- ii. D'fhéadfadh sé tarlú go n-áireofaí ar na cúiseanna sin tréimhse bhreitheachta i gcás dhuine a bhfuil riocht míochaine luaineach air nó a bhfuil deacrachtaí aige leibhéal ard léitheoireachta a chríochnú laistigh de chreat caighdeánach ama má bhíonn deacrachtaí foghlama ar leith mar dhisléicse acu.

- iii. Déantar riachtanais aonair gach mac léinn a mheas mar aon le sainriachtanais an chúrsa, rud a chiallaíonn go bhféadfaí síntí d'fhaid éagsúla a bheith i gceist.
- iv. De ghnáth ceadáítear sholúbthacht ó thaobh spriocdhátaí measúnaithe ar feadh tréimhse teoranta ama agus/nó in imthosca ar leith.

- v. Déanfaidh Ceannaire an Chúrsa ábhartha athbhreithniú ar iarratais ar sholúbthacht a dhéantar arís agus arís eile agus déanfaidh an Déan ábhartha iad a mheas agus a fhaomhadh de réir mar is cuí.

7.48 Solúbthacht maidir le riachtanais tinrimh an chúrsa

Ní mór do gach mac léinn freastal ar léachtaí, ranganna teagaisc, saotharlanna agus gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama eile de réir [Nós Imeachta Monatóireachta Tinrimh](#) MIE. Mar sin féin, i gcás nach bhfuil mac léinn in ann freastal mar gheall ar a m(h)íchumas (mar shampla, mac léinn a bhfuil deacrachtaí sláinte meabhrach aige nó aici atá cláraithe leis an [Seirbhís Míchumais](#) agus nach bhfuil in ann páirt a ghlacadh i ranganna teagaisc do ghrúpaí beaga ar feadh tréimhse ama), níor cheart an té sin a phionósú ná a éileamh air nó uirthi cáipéisíocht leighis bhreise a sholáthar maidir le neamhfheastal. Ba cheart caitheamh ar bhealach éagsúil le mic léinn faoi mhíchumas maidir leis seo nuair a mheastar gur Socrú Réasúnta é iarratas a dhéanamh ar solúbthacht ó thaobh tinrimh le haghaidh tréimhse socraithe ama mar atá luaite i dtuarascáil PLENS.

7.49 Cúrsa a roinnt thar 2 bhliain

Bíonn tionchar suntasach ar líon beag mac léinn faoi mhíchumas marthanach a mhairfidh ar feadh a saol sa mhéid is nach féidir leo páirt éifeachtach a ghlacadh sa chúrsa gan a modúil a roinnt thar dhá bhliain. Ligfidh sé seo don mhac léinn oibriú ar luas ar féidir leis nó léi déileáil leis agus nach mbeidh drochthionchar aige ar an mac léinn.

7.50 Próiseas chun Socrú Réasúnta a Cheistiú

- 7.50.1 Táthar ag súil go gcuirfear Shocrú Réasúnta i leith teagaisc, foghlama agus measúnaithe i bhfeidhm a mhol an [Seirbhís Míchumais](#) tríd an bpróiseas um Measúnú Riachtanas agus a chuirtear in iúl i dtuarascáil PLENS an mhic léinn.
- 7.50.2 Aithnítear freisin, áfach, go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh sé deacair i roinnt cásanna Socrú Réasúnta a chur i bhfeidhm mar gheall ar riachtanais chúrsa nó riachtanais chomhlachtaí gairmiúla. In imthosca den sórt sin, tá sé ríthábhachtach go dtarraingeofar na hábhair inní anuas agus go bpléifear straitéisí malartacha leis an tSeirbhís Míchumais lena chinntiú go gcomhlíonfaidh baill foirne aonair agus an Institiúid an Reachtaíocht Chomhionannais. Caithfear é seo a dhéanamh a luaite is féidir tar éis iarratas ar Shocrú Réasúnta neamhchaighdeánach nó

Aitheantóir Beartais: Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá faoi

tuarascáil PLENS a fháil, chun cumarsáid thráthúil a chinntiú leis an mac léinn agus chun gur féidir roghanna eile a mheas.

- 7.503 Tar éis dó tuarascáil PLENS a fháil, tá sé de fhreagracht ar Cheannaire an Chúrsa a chinntiú go gcuirtear na Socrúithe Réasúnta molta i bhfeidhm agus go gcuirtear an fhoireann ábhartha agus/nó ranna eile ar an eolas fúthu más gá. Ní mór aon inní faoi Shocrú réasúnta caighdeánach a chur i bhfeidhm a phlé leis an Oifigeach Rochtana do Mhic Léinn a luaithe is féidir. Más rud é, tar éis tuilleadh plé, go gcreideann Ceannaire an Chúrsa nach bhfuil Socrú Réasúnta molta réasúnta nó infheidhmithe, ansin caithfidh siad a iarraidh go ndéanfaidh an Déan ábhartha an t-ábhar a athbhreithniú de réir mar is cuí.
- 7.504 Ba cheart iarratais ar athbhreithniú a dhéanamh go díreach chuig an Déan ábhartha le féachaint an ‘Socrú Réasúnta’ an rud atá molta.
- 7.505 Beidh cinneadh an Déin críochnaitheach agus ceangailteach ar gach páirtí.
- 7.51 Déileáil le míshástacht faoin [Seirbhís Míchumais](#)
- 7.51.1 Má bhíonn mic léinn míshásta leis na seirbhísí míchumais a thairgtear, tá na bealaí seo a leanas ann chun déileáil leis an scéal:
- 7.51.2 Ar an gcéad dul síos féadfaidh mic léinn an t-ábhar a phlé leis an mball foirne ábhartha; mura ndéileáiltear leis an scéal go sásúil, féadfaidh an mac léinn teagmháil a dhéanamh lena T(h)eagascóir. Is é an chéad chéim eile ná teagmháil a dhéanamh leis an gCláráitheoir agus ar deireadh thiar féadfaidh an mac léinn teagmháil a dhéanamh leis an Uachtarán a fhéadfaidh cinneadh críochnaitheach a dhéanamh faoin ábhar.

8 Freagracht

Cuireann Oifigeach Rochtana MIE na nósanna imeachta seo i bhfeidhm i gcomhar le [Seirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide](#).

9 Doiciméid Bhainteacha

- 9.1 [Toiliú chun Faisnéis faoi Mhíchumas a Nochtadh agus a Chomhroinnt](#)
- 9.2 [Fógra Príobháideachais maidir le Míchumas](#)
- 9.3 [Foirm um Chead Taifeadta \(Comhaontú chun Trealamh Fuaimne a Úsáid\)](#)
- 9.4 [Beartas i leith Breithnithe Speisialta maidir le Socrúchán Scoile](#)
- 9.5 [Beartas um Chosaint Sonraí MIE](#)
- 9.6 [Nós Imeachta um Monatóireacht Tinrimh](#)

9.7 [Measúnú Acadúil agus Dul ar Aghaidh Acadúil](#)

- 9.8 [Fostaíocht Daoine faoi Mhíchumas](#)
- 9.9 [Treirlínte maidir le Páipéir Scrúduithe & Tascanna a Scríobh agus a Mharcáil](#)
- 9.10 [Lámhleabhar Measúnaithe](#)
- 9.11 [Beartas Comhionannais MIE](#)
- 9.12 [Beartas um Oiriúnacht chun Staidéar a Dhéanamh](#)
- 9.13 [Beartas um Bainistiú Taifead](#)
- 9.14 [Sceideal Coinneála Taifead MIE](#)